2026/146

2.6.2026

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2026/146 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Eanáir 2026

lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le comhdhéanamh na ngrúpaí riosca

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirciú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 994/2010 ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(8) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an comhar réigiúnach, de mheon na dlúthpháirtíochta, ina chroíphrionsabal ar a bhfuil an sásra um shlándáil an tsoláthair gáis a leagtar síos le Rialachán (AE) 2017/1938 bunaithe. Chun go mbeidh an comhar réigiúnach oibríochtúil sa chleachtas, in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin, arna ionadú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/517 ón gCoimisiún ([2]), sainaithnítear 13 ghrúpa riosca a chomhfhreagraíonn do cheithre phríomhchonair soláthair gáis éigeandála. Le haghaidh gach grúpa riosca, liostaítear in Iarscríbhinn I na Ballstáit a bhféadfadh suaitheadh soláthair feadh na conaire difear a dhéanamh dóibh nó a d'fhéadfadh ról a bheith acu, nó an dá rud sin, i gcás suaitheadh soláthair.

(2) Ó glacadh Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/517, tharla roinnt teagmhas agus bhí tionchar acu ar shlándáil an tsoláthair gáis san Aontas, amhail ionradh míleata iomlán na Rúise ar an Úcráin i mí Feabhra 2022. Tháinig bonneagair nua gháis i bhfeidhm agus meastar go ndéanfar roinnt píosaí nua bonneagair a choimisiúnú sna míonna amach romhainn. Na bonneagair bhreise sin, lena n-áirítear críochfoirt nua Gáis Nádúrtha Leachtaithe (GNL), bíonn tionchar acu ar na sreafaí gáis laistigh de na conairí gáis éigeandála ábhartha agus neartaíonn siad athléimneacht chóras gáis an Aontais i gcás suaitheadh a d'fhéadfadh a bheith ann.

(3) Faoi Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) 2017/1938, rinne Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha Gáis (ENTSOG) ionsamhlúchán athbhreithnithe uile-Aontais de chásanna eiseamláireacha suaite soláthair gáis agus bonneagair a chur i gcrích i mí na Nollag 2024 ([3]). Cuireadh san áireamh san ionsamhlúchán sin forbairt bhonneagair gháis an Aontais ó bhí 2017 ann agus tionchar na forbartha sin ar na conairí soláthair gáis éigeandála éagsúla.

(4) Leis an tionchar a bheidh ag na bonneagair gháis nua agus na bonneagair gháis atá ar na bacáin ar na conairí gáis éigeandála, le meáchan méadaithe GNL agus leis an ról laghdaithe atá ag conairí soláthair píblínte áirithe, mar a léirítear in ionsamhlúcháin uile-Aontais ENTSO-G, tá údar ann leis an líon grúpaí riosca réigiúnacha a laghdú agus lena gcomhdhéanamh a athrú, de mheon an tsimplithe agus an chuíchóirithe maidir le struchtúr reatha an chomhair réigiúnaigh freisin.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2017/1938 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1938.

([1]) IO L 280, 28.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1938/oj.
([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/517 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le comhdhéanamh na ngrúpaí riosca (IO L 104, 1.4.2022, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/517/oj).
([3]) Tuarascáil Ionsamhlúcháin ó ENTSO-G maidir le Slándáil uile-Aontais an tSoláthair, Eanáir 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Eanáir 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN I

An comhar réigiúnach

Is iad seo a leanas grúpaí riosca na mBallstát atá mar bhonn don chomhar a mhéid a bhaineann le rioscaí dá dtagraítear in Airteagal 3(7):

1. Grúpa riosca soláthair GNL:

   (a) An Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn, an tSualainn.

2. Grúpa riosca maidir le soláthar gáis ón Muir Thuaidh:

   (b) An Bheilg, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Fhrainc, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Fhionlainn, an tSualainn.

3. Grúpa riosca maidir le soláthar gáis ón Afraic Thuaidh:

   (c) An Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, Málta, an Ostair, an Phortaingéil, an tSlóivéin.

4. Grúpa riosca maidir le soláthar gáis ón Oirdheisceart:

   (d) An Bhulgáir, an tSeicia, an Ghréig, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Ungáir, an Ostair, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic.'